**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— glacadh leis an iarratas agus a dhearbhú go bhfuil bunús maith leis;

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— ordú a thabhairt do EUIPO agus don idiragraí íoc as costais na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta.

**Saincheisteanna dlí**

— Sárú ar Airteagail 64(2), 47(2) agus 33(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i gcomhar le hAirteagal 2(1) de Chomhaontú Nice a bhaineann le hAicmiú Idirnáisiúnta Earraí agus Seirbhísí chun Críocha Clárú Marcanna, ar Airteagal 1(2) de Threoir 2001/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001, ar Airteagal 2(a) de Threoir 2002/46/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 agus ar Airteagal 24 de Chonradh Aontachais Phoblacht na Seice, na hEastóine, na Cipire, Laitvia, na Liotuáine, na hUngáire, Málta, na Polainne, na Slóivéine agus na Slóvaice (2003);

— Sárú ar Airteagal 60(1) i gcomhar le hAirteagal 8(1)(a) agus (b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 13 Eanáir 2022 – AL v An Chomhairle**

**(Cás T-22/22)**

(2022/C 109/38)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* AL (ionadaí: R. Rata, dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— go príomha, cinneadh an chosantóra an 27 Meán Fómhair 2021 lenar cuireadh an t-iarratasóir as a oifig a chur ar neamhní;

— an t-iarratasóir a athfhostú mar oifigeach na hArdrúnaíochta ina shean-phost agus ina shean-ionad;

— an comhad a sheoladh arís chuig an Ardrúnaíocht le haghaidh an nós imeachta araíonachta a athoscailt i gcomhréir le hAirteagal 28 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis na Rialacháin Foirne i bhfianaise na bhfíricí go léir a shuitear i gcinntí an Údaráis Ceapacháin a rinneadh tar éis dháta an chinnidh atá á chonspóid;

— aon shaincheist eile a bhaineann le leas an phobail de réir mar is cuí, a ardú, as a stuaim féin;

— ordú a thabhairt don chosantóir a chostais féin a íoc agus costais arna dtabhú ag an iarratasóir a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí dhéag.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Chomhairle sárú ar Airteagal 22(1) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis na Rialacháin Foirne agus drochriarachán.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 10(a) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, sa mhéid (i) nach bhfuil an pionós comhréireach le cineál an mhí-iompair a thoimhdítear a bhí ann (maidir leis na liúntais arna bhfáil i ndáil le máthair an iarratasóra mar leanbh cleithiúnach) agus leis na cúinsí inar tharla an mí-iompar líomhnaithe; (ii) nach bhfuil cúis ag an gcinneadh atá á chonspóid; (iii) go ndéanann an cinneadh atá á chonspóid neamhaird de thoimhde na neamhchiontachta; agus (iv) go bhfuil an cinneadh atá á chonspóid mar thoradh ar earráid fhollasach measúnaithe.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 10(a) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, sa mhéid (i) nach bhfuil an pionós a forchuireadh comhréireach le cineál an mhí-iompair (maidir leis na liúntais arna bhfáil mar chúiteamh ar chúram altrama do A agus B) agus leis na cúinsí inar tharla an mí-iompair líomhnaithe; (ii) nach bhfuil cúis ag an gcinneadh atá á chonspóid; (iii) go ndéanann an cinneadh atá á chonspóid neamhaird de thoimhde na neamhchiontachta; agus (iv) go bhfuil an cinneadh atá á chonspóid mar thoradh ar earráid fhollasach measúnaithe.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 10(a) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, sa mhéid (i) nach bhfuil an pionós a forchuireadh comhréireach le cineál an mhí-iompair (maidir le hiarratais a cuireadh isteach in 2014 le haghaidh stádas mar leanbh cleithiúnach do C agus D) agus leis na cúinsí inar tharla an mí-iompar líomhnaithe; (ii) nach bhfuil cúis ag an gcinneadh atá á chonspóid; (iii) go ndéanann an cinneadh atá á chonspóid neamhaird de thoimhde na neamhchiontachta; agus (iv) go bhfuil an cinneadh atá á chonspóid mar thoradh ar earráid fhollasach measúnaithe.

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 10(b) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, sa mhéid (i) nach ndearna an mí-iompar a thoimhdítear a bhí ann dochar d'ionracas, do cháil nó do leasanna na hArdrúnaíochta; (ii) nach bhfuil cúis ag an gcinneadh atá á chonspóid; (iii) go ndéanann an cinneadh atá á chonspóid neamhaird de thoimhde na neamhchiontachta; agus (iv) go bhfuil an cinneadh atá á chonspóid mar thoradh ar earráid fhollasach measúnaithe.

6. An séú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 10(c) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, sa mhéid (i) nach raibh gníomhartha a rinneadh d'aon ghnó i gceist leis an mí-iompar ach bhí faillí i gceist leis; (ii) nach bhfuil cúis ag an gcinneadh atá á chonspóid; (iii) go ndéanann an cinneadh atá á chonspóid neamhaird de thoimhde na neamhchiontachta; agus (iv) go bhfuil an cinneadh atá á chonspóid mar thoradh ar earráid fhollasach measúnaithe agus ar shárú ar Airteagal 85 de na Rialachán Foirne maidir le heaspa aon rún an riarachán a chur ar mhíthreoir.

7. An seachtú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 10(d) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, sa mhéid (i) gurbh iad leas is fearr na leanaí a bhí taobh thiar den mhí-iompar thar aon rud eile; (ii) nach bhfuil cúis ag an gcinneadh atá á chonspóid; (iii) go ndéanann an cinneadh atá á chonspóid neamhaird de thoimhde na neamhchiontachta; agus (iv) go bhfuil an cinneadh atá á chonspóid mar thoradh ar earráid fhollasach measúnaithe.

8. An t-ochtú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 10(e) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, sa mhéid (i) go raibh grád agus sinsearacht an iarratasóra measartha go híseal; (ii) nach bhfuil cúis ag an gcinneadh atá á chonspóid; (iii) go ndéanann an cinneadh atá á chonspóid neamhaird de thoimhde na neamhchiontachta; agus (iv) go bhfuil an cinneadh atá á chonspóid mar thoradh ar earráid fhollasach measúnaithe.

9. An naoú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 10(g) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, sa mhéid (i) go raibh leibhéal freagrachta agus dualgas an iarratasóra measartha go híseal; (ii) nach bhfuil cúis ag an gcinneadh atá á chonspóid; (iii) go ndéanann an cinneadh atá á chonspóid neamhaird de thoimhde na neamhchiontachta; agus (iv) go bhfuil an cinneadh atá á chonspóid mar thoradh ar earráid fhollasach measúnaithe.

10. An deichiú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 10(h) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, sa mhéid (i) nach raibh beart nó iompar leanúnach i gceist leis an mí-iompar; (ii) nach bhfuil cúis ag an gcinneadh atá á chonspóid; (iii) go ndéanann an cinneadh atá á chonspóid neamhaird de thoimhde na neamhchiontachta; agus (iv) go bhfuil an cinneadh atá á chonspóid mar thoradh ar earráid fhollasach measúnaithe.

11. An t-aonú saincheist dlí dhéag lena n-éilítear sárú ar Airteagal 10(i) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, sa mhéid (i) go raibh iompar an iarratasóra le linn a ghairmréime gan locht; (ii) nach bhfuil cúis ag an gcinneadh atá á chonspóid; (iii) go ndéanann an cinneadh atá á chonspóid neamhaird de thoimhde na neamhchiontachta; agus (iv) go bhfuil an cinneadh atá á chonspóid mar thoradh ar earráid fhollasach measúnaithe.

12. An dara saincheist dlí dhéag lena n-éilítear sárú ar phrionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint agus ar phrionsabal an dea-riaracháin.

13. An tríú shaincheist dlí dhéag lena n-éilítear sárú ar an dualgas aird a thabhairt ar leas an oifigigh agus a chleithiúnaithe.

---

## Caingean arna tabhairt an 13 Eanáir 2022 – CIMV v an Coimisiún

**(Cás T-26/22)**

(2022/C 109/39)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Compagnie industrielle de la matière végétale (CIMV) (Neuilly-sur-Seine, an Fhrainc) (ionadaithe: B. Le Bret, R. Rard agus P. Renié, dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú go bhfuil an chaingean seo inghlactha agus go bhfuil bunús maith léi;